Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 18 Meán Fómhair 2026**
**(OR. en)**

**13422/26**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2026/0286 (COD)**

**AUDIO 107**
**TELECOM 436**
**COMPET 1095**
**JEUN 214**
**MI 908**
**DIGIT 237**
**CONSOM 267**
**DATAPROTECT 290**
**JAI 1179**
**DISINFO 64**
**CT 110**
**ENT 231**
**CES 19**
**CDR 206**
**CODEC 1710**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 17 Meán Fómhair 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 680 final |
| Ábhar: | TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE<br>Cur chuige de chuid an Aontais Eorpaigh i leith sábháilteacht leanaí ar líne |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 680 final.

---

Faoi iamh: COM(2026) 680 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 17.9.2026
COM(2026) 680 final

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**Cur chuige de chuid an Aontais Eorpaigh i leith sábháilteacht leanaí ar líne**

## 1. Réamhrá

**Tairseach eolais is ea an domhan digiteach, deis ar nascadh agus ar chruthaitheacht.**. Ach de dheasca samhlacha gnó ardán áirithe atá ceaptha chun go gcaithfear a mhéid ama is féidir ar líne, bíonn daoine ar líne ar feadh tréimhse an-fhada agus is féidir go mbainfear mí-úsáid as leochaileachtaí leanaí. De réir suirbhé a d'eisigh Eorabharaiméadar in 2026, caitheann déagóirí 4.5 uair an chloig ar líne le linn laethanta scoile ar an meán, agus, níos mó arís, 6.1 uair an chloig le linn laethanta deireadh seachtaine.[1].

Dá luaithe ina saol a rachaidh leanaí ar líne is ea is mó ama is dócha a chaithfidh siad os comhair scáileán, de réir na fianaise atá ar fáil. Na leanaí a thosaigh ag úsáid na meán sóisialta roimh 10 mbliana d'aois, tuairiscíonn siad 7.5 uair an chloig d'am scáileáin laethúil le linn an deiridh seachtaine, i gcomparáid le 5.7 uair an chloig i gcás na leanaí a thosaigh tar éis 14 bliana d'aois. **Is amhlaidh is mó an brú ar mheabhairshláinte na ndaoine óga, meabhairshláinte nach raibh riamh chomh mór sin i mbaol roimhe seo**. Braitheann déagóir amháin as triúr go bhfuil siad faoi strus nó fágtha amach ar an taobh sóisialta agus go bhfuil fadhbanna acu ó thaobh aird a choinneáil ar aon rud amháin. Faoi láthair tagann leanbh amháin as ceathrar ar ábhar díobhálach a chiapann iad ar líne, is é sin ó fhoréigean agus fuathchaint go brú ó thaobh na colainne de agus mífhaisnéis. Déantar sirtheoireacht ghnéasach ar líne ar leanbh amháin as ceathrar ag pointe áirithe roimh aois 18, idirghníomhaíochtaí gnéasacha gan iarraidh/a bhrúitear orthu agus cineálacha éagsúla mealltóireachta san áireamh[2]. Cé gur féidir go mbeidh aon leanbh thíos leis, tá leanaí leochaileacha i mbaol díréireach agus bíonn rioscaí éagsúla i gceist le cailíní agus buachaillí.

De bhreis air sin, mar a dheimhnigh torthaí Chlár Idirnáisiúnta ECFE um Measúnú Daltaí (PISA) le haghaidh 2025, **tá an t-ábhar seachráin sainaitheanta mar bunchúis leis an meath ar fheidhmíocht oideachais ár leanaí**. Imríonn an seachráin digiteach tionchar ar fhoghlaim daoine óga agus is príomhchúis é leis an meath ar na bunscileanna san Aontas Eorpach. Mar thoradh ar ró-thomhaltas na meán sóisialta agus ar an iomarcach ama scáileáin, bíonn easnaimh ann go háirithe maidir le meastóireacht a dhéanamh ar fhaisnéis, naisc a dhéanamh idir foinsí éagsúla agus smaointeoireacht chriticiúil a dhéanamh.

**Tá forbairt ábhair fhadhbaigh arna ghiniúint ag an intleacht shaorga, amhail domhainbhrionnuithe nó comhairle chontúirteach a thugann botaí comhrá intleachta saorga nó compánaigh intleachta saorga, ag cur leis bhfadhb sin**. Baineann an brú chun pictiúir dhlúthphearsanta a chomhroinnt le déagóir amháin as deichniúr; sin na milliúin daoine óga ar fud na hEorpa. Tá níos mó i gceist leis sin ná nochtadh éighníomhach amháin agus ní leis an scáileán amháin a bhaineann sé sa deireadh. Déanann ábhar den sórt sin iompraíocht chontúirteach a mhúnlú, a spreagadh agus a chúiteamh, ó dhochar a dhéanamh do dhaoine eile go dochar a dhéanamh duit féin, lena n-áirítear neamhoird itheacháin agus iompraíocht mheargánta a dhéantar agus a scannánaítear chun aird agus bailíochtú a lorg, agus i gcásanna áirithe bíonn iarmhairtí marfacha aige sin.

**Tá bunchlocha daingne leagtha síos ag an Aontas cheana chun mionaoisigh a chosaint**. Ceanglaíonn an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha ar ardáin ar líne mionaoisigh a choinneáil sábháilte agus iad ag machnamh ar phríomhroghanna dearaidh i leith a gcuid seirbhísí. Ina gcuid de chreat rialála an Aontais Eorpaigh tá coimircí cuimsitheacha do leanaí ar líne a mbeidh seirbhísí sruthaithe, cluichí ar líne, miondíoltóirí ar líne agus táirgí intleachta saorga á n-úsáid acu. Leis an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí cuirtear rialacha sonracha agus

[1] Tionchar an iomarca ama scáileáin agus na meán sóisialta ar mheabhairshláinte daoine óga - Meitheamh 2026 - Suirbhé Eorabharaiméadair

[2] https://www.childlight.org/reports/itl-interim-update-2026

coimircí sonracha ar fáil i leith úsáid sonraí pearsanta, sonraí leanaí san áireamh. Le dlí an Aontais maidir le cosaint tomhaltóirí, an Treoir maidir le Cleachtais Tráchtála Éagóracha san áireamh, cosnaítear mionaoisigh in gcáil mar thomhaltóirí leochaileacha.

**Is príomhthosaíocht de chuid an Choimisiúin í an reachtaíocht sin a fhorfheidhmiú**. Faoin nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha, mar shampla, rinne an Coimisiún gníomhaíocht forfheidhmiúcháin in aghaidh ByteDance agus Meta mar gheall ar dhearadh andúile a n-ardán suaitheanta ar líne TikTok, Facebook agus Instagram, faoi seach, agus mar gheall ar chinntiú aoise neamhleor ar Facebook agus Instagram. Chomh maith leis sin tá gníomhaíocht forfheidhmiúcháin déanta ag an gCoimisiún in aghaidh X i leith Grok ábhar mí-úsáide leanaí a ghiniúint agus a scaoileadh. Tríd an nGréasán um Chomhar ar mhaithe le Cosaint Tomhaltóirí, tá aghaidh tugtha ag an gCoimisiún agus ag na húdaráis náisiúnta ar chleachtais dhíobhálacha, comhthéacsanna na gcluichí ar líne agus na ríomhthráchtála san áireamh[3]. Tá gníomhaíocht déanta freisin ag Údaráis Cosanta Sonraí in aghaidh Meta, TikTok, X agus seirbhísí eile maidir le mí-úsáid sonraí pearsanta leanaí.

Mar sin féin, **ní leor na rialacha atá ann cheana**. Níl aois íosta sonraithe i gcreat reachtach reatha an Aontais le haghaidh rochtain ar ardáin agus seirbhísí lena mbaineann gnéithe agus ábhar nach bhfuil oiriúnach ó thaobh aoise de nó a bhfuil baol ag baint leo. Níl aon toirmeasc iomlán ann ach oiread ar ghnéithe fadhbacha coiteanna, ar nós scrollú gan teorainn, an iomarca fógraí nó córais moltaí dhíobhálacha. Thairis sin níl an comhchuibhiú ná na mionsonraí atá i gcreat reatha an Aontais láidir go leor chun dul i ngleic le gnéithe dearaidh andúile a bhaineann le táirgí agus seirbhísí a bhfuil rochtain ag mionaoisigh orthu. Tá easpa deimhneacht dhlíthiúil ann freisin maidir le córais fíoraithe aoise agus freagracht dhlíthiúil cuideachtaí teicneolaíochta as dearadh a gcuid seirbhísí.

Tar éis an fhógra in aitheasc 2025 ar Staid an Aontais, cuireadh de chúram ar **Phainéal Speisialta** comhairle a thabhairt d'Uachtarán an Choimisiúin faoi chur chuige Eorpach a fhorbairt chun leanaí a choinneáil sábháilte ar líne. Bhí baint ag grúpaí éagsúla páirtithe leasmhar leis an bPainéal Speisialta agus d'éist sé le saineolaithe ó chúlraí éagsúla, ón Aontas agus ó thíortha comhpháirtíochta araon. Is é an toradh a bhí ar an bplé a rinneadh ann an tuarascáil ó Chomhchathaoirligh an Phainéil Speisialta, ina leagtar amach a dtorthaí agus a bpríomh-mholtaí[4].

Chomh maith leis sin, tá sé aitheanta gur dúshlán domhanda í an tsábháilteacht leanaí a bhfuil gá le dlúthchomhar idir comhpháirtithe ina leith. Sna Stáit Aontaithe, léiríonn socraíocht Meta a rinneadh le déanaí go dtuigeann soláthraithe seirbhísí anois go meastar níos mó agus níos mó, go dlíthiúil agus go sochaíoch araon, go bhfuil siad freagrach as sábháilteacht leanaí a soláthraíonn siad seirbhísí dóibh[5]. Laistigh den Aontas tá cuid mhór Ballstát ag smaoineamh ar thionscnaimh reachtacha éagsúla chun mionaoisigh ar líne a chosaint, go háirithe trí aois íosta

---

[3] I gcás *Star Stable Online*, mar shampla, rinne an Gréasán um Chomhar ar mhaithe le Cosaint Tomhaltóirí imscrúdú ar ghríosú díreach ar leanaí le ceannach a dhéanamh, ar theaictící ceannaigh ardbhrú agus ar fhaisnéis mhíshoiléir faoi airgeadraí laistigh de chluichí, agus d'iarr sé ar an gcuideachta gealltanais a chur ar aghaidh go gcuirfeadh sí feabhas ar a cleachtais. Thairis sin, tá gníomhaíochtaí comhordaithe ar bun ag an nGréasán um Chomhar ar mhaithe le Cosaint Tomhaltóirí in aghaidh Temu agus Shein maidir le sáruithe ar dhlí na dtomhaltóirí i ndáil le patrúin dhorcha, lascainí bréige agus cleachtais tráchtála éagóracha eile.

[4] Sábháilteacht agus cosaint leanaí ar líne; mionaoisigh a chosaint agus a chumhachtú i ndomhan digiteach, le fáil ag https://commission.europa.eu/document/download/d833504d-5ec3-4fac-945f-38e7d0bd5326_en?filename=Special-panel-report.pdf

[5] https://www.oag.state.va.us/media-center/news-releases/3105-attorney-general-jay-jones-announces-a-17-billion-landmark-settlement-with-meta-with-353-million-guaranteed-for-virginia

a leagan amach i leith rochtain ar sheirbhísí áirithe[6]. **Le forbairtí a tháinig chun cinn le déanaí, áfach, tá sé léirithe go soiléir a chasta atá an dlí i leith na saincheiste sin agus go bhfuil gá le cur chuige spriocdhírithe comhréireach agus le cosaint ceart bunúsach**[7].

Ina fhianaise sin **is í an ghníomhaíocht chinntitheach, chuimsitheach agus phráinneach ar leibhéal an Aontais an bealach chun tosaigh is oiriúnaí** chun dul i ngleic go héifeachtach tapúil le scála agus tromchúis na rioscaí a bhaineann le leanaí ar líne. Freagairt éifeachtach é ar ghlaonna aonchiallacha ón gComhairle Eorpach, ó chomhreachtóirí agus ó phríomhpháirtithe leasmhara atá ag argóint go bhfuil gá le cur chuige comhchoiteann Eorpach chun na leanaí uile a chosaint gan idirdhealú ar fud an Aontais nuair a bheidh siad ar líne. Cuirfidh sé ar chumas na hEorpa srian a chur, faoi dheireadh agus faoi dheoidh, leis an rochtain fhairsing dhíobhálach atá ag cuideachtaí teicneolaíochta ar leanaí Eorpacha, ionas gur féidir leo maireachtáil saor ó algartaim. Mar 'creideann an Eoraip gurb iad na tuismitheoirí ba cheart na leanaí a thógáil, ní na halgartaim'.

[6] Táthar ag ullmhú nó ag caibidliú dréachtreachtaíochta i 17 mBallstát.
[7] https://www.conseil-constitutionnel.fr/decision/2026/2026911DC.htm

## 2. I dtreo cur chuige Eorpach cuimsitheach uaillmhianach: Gníomh KIDS an Aontais

Le **cur chuige an Aontais** ba cheart an deis a thabhairt do mhionaoisigh leas a bhaint as poitéinseal ollmhór na seirbhísí digiteacha, agus iad a chosaint ar mhí-úsáid agus ar dhúshaothrú an tráth céanna. **Ní mór, leis an gcur chuige sin, an rochtain atá ag cuideachtaí teicneolaíochta ar ár leanaí a theorannú seachas a mhalairt**. Ní mór a chur i bhfios ann gur ar na soláthraithe seirbhíse digití atá an phríomhfhreagracht as spásanna sábháilte ar líne a dhearadh. Ní mór dó aibíocht athraitheach leanaí agus iad ag fás aníos agus ról a gcaomhnóirí, gan an fhreagracht a aistriú go míchuí chucu, a urramú ann. Dá bhrí sin ba cheart cur chuige an Aontais a bheith cuimsitheach, coiteann, oiriúnach ó thaobh aoise de agus bunaithe ar na fíor-rioscaí a bhíonn roimh leanaí agus iad ar líne. Ba cheart é a bheith bunaithe ar chearta leanaí mar chearta bunúsacha, i gcomhréir le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais, agus tús áite a thabhairt ann do leas an linbh.

I n**Gníomh KIDS an Aontais** arna ghlacadh leis an Teachtaireacht seo, **tá sraith rialacha uile-Aontais aonair curtha i láthair lena gcuirtear leibhéal comhionann cosanta ar fáil do gach leanbh** ar fud an Aontais, chomh maith le **tacar uirlisí do thuismitheoirí agus do chaomhnóirí**[8]. Leis an togra laghdófar an riosca go mbeidh ilroinnt ann idir na Ballstáit agus tabharfar deimhneacht dhlíthiúil shoiléir do chuideachtaí de chuid an Aontais agus iad ag plé leis an Margadh Aonair.

**Beidh feidhm** ag an togra **maidir le 'MS+' (Meáin Shóisialta+)** – an grúpa seirbhísí lena mbaineann an riosca is mó do mhionaoisigh.. Is éard atá i gceist leo sin, seirbhísí meán sóisialta, ardáin comhroinnte físeán agus cluichí ar líne lena mbaineann rioscaí dearaidh sonracha do mhionaoisigh, chomh maith le botaí comhrá intleachta saorga agus compánaigh intleachta saorga – mar uirlisí fíorúla lenar féidir comhairle faoin meabhairshláinte agus comhairle faoin bhforbairt phearsanta a thabhairt do mionaoisigh. Ní dhíreoidh sé ar sheirbhísí a dheartar agus a oibrítear le haghaidh an oideachais nó ar sheirbhísí a oibríonn údaráis phoiblí, ná ní bheidh feidhm aige maidir le táirgí tionsclaíocha intleachta saorga nó oifige intleachta saorga. Is éard a bheidh sa togra **cur chuige comhcheangailte** lena mbainfidh (i) **aois íosta uile-Aontais** agus (ii) **ceanglais maidir le dearadh sábháilte**.

### *2.1 Aois íosta uile-Aontais do na meáin shóisialta*

Tá rochtain leanaí ar ardáin fós ina príomh-shaincheist agus is ollmhór an difear a dhéanann sé ó thaobh rioscaí de má bhíonn a gcuntas pearsanta féin acu. Ina fhianaise sin, **cuirtear toirmeasc leis an togra ar ardáin na meán sóisialta rochtain a fháil ar leanaí faoi bhun 13 bliana d'aois, agus leagtar síos leis aois íosta uile-Aontais do mhionaoisigh chun cuntas dá gcuid féin a oscailt ag 15 bliana d'aois** agus cur chuige de réir a chéile á áirithiú ag an am céanna. Go háirithe:

Níor cheart rochtain a bheith ag **leanaí atá 0 bliain d'aois agus faoi bhun 3 bliana d'aois** ar aon scáileán. Ag an aois seo, bíonn leanaí neamhchosanta go príomha ar rioscaí caidrimh mar úsáideoirí éighníomhacha meán digiteach. Is minic a thagann na rioscaí sin chun cinn nuair a ghlacann tuismitheoirí agus caomhnóirí ionad na hidirghníomhaíochta dírí le húsáid scáileáin chun leanaí óga a shuaimhniú nó chun aird leanaí a bhaint díobh, rud a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do réimse airde, teanga agus forbairt radhairc leanaí chomh maith le fás sochmhothúchánach. Dá bhrí sin, ba cheart do thuismitheoirí agus do chaomhnóirí tosaíocht a thabhairt d'idirghníomhaíochtaí aghaidh ar aghaidh, teorainn a chur lena gcuid ama féin ar na

[8] Beidh an sainmhíniú ar cad is tuismitheoir ann de réir na reachtaíochta náisiúnta i ngach Ballstát den Aontas.

meáin shóisialta agus aire á tabhairt do leanaí ag an am céanna agus gan a leanaí a nochtadh do scáileáin.

Níor cheart **leanaí atá 3 bliain d'aois agus faoi bhun 13 bliana d'aois** a bheith nochta do mheáin shóisialta. Mar sin féin, is féidir le soláthraithe ardán comhroinnte físeán seirbhísí atá oiriúnach do leanaí a thairiscint, e.g. ábhar oideachais nó siamsaíocht atá oiriúnach ó thaobh aoise de, a bhféadfadh caomhnóirí cead a thabhairt dá leanaí féachaint orthu i dtimpeallacht faoi mhaoirseacht. Chun na críche sin, ní mór do na hardáin uirlis atá éasca le húsáid a thairiscint do thuismitheoirí nó do chaomhnóirí chun úsáid chuntas an duine fhásta a shrianadh do sheirbhísí den sórt sin atá oiriúnach do leanaí, nuair a chuirtear ar aghaidh chuig leanaí é, agus nochtadh an linbh a theorannú d'uair an chloig in aghaidh an lae. Tá an cur chuige sin i gcomhréir leis na Moltaí ó Chomhchathaoirligh an Phainéil Speisialta agus cuireann sé ar chumas leanaí eolas a chur de réir a chéile ar an teicneolaíocht, de réir mar a fhásann siad aníos. Cosnaíonn sé fós iad ar gach cur isteach míchuí agus ar gach gné dearaidh andúile arbh fhéidir go mbeadh siad neamhchosanta orthu murab é sin.

**I gcás leanaí 13 bliana d'aois agus faoi bhun 15 bliana** d'aois, féadfaidh tuismitheoirí nó caomhnóirí mionchuntais a chur ar bun do na meáin shóisialta agus d'ardáin comhroinnte físeán a bheadh faoi réir na haoise íosta 13 bliana d'aois. Bheadh gnéithe teoranta go dian ag na cuntais sin agus bheidís faoi rialú tuismitheoirí. Bheadh gnéithe na meán sóisialta teoranta do líon uasta teagmhálacha piaraí amháin agus d'am teoranta uair an chloig amháin scáileáin in aghaidh an lae. Ina theannta sin, bheadh tuismitheoirí agus caomhnóirí in ann a bhfreagrachtaí a fheidhmiú trí fhaireachán agus rialú a dhéanamh ar úsáid chuntas an linbh trí aip thiomnaithe do chaomhnóirí.

**Ó 15 bliana d'aois agus faoi bhun 18 mbliana d'aois**, bheadh cead ag déagóirí a gcuntas uathrialach féin a chur ar bun ar na meáin shóisialta agus ar ardáin comhroinnte físeán, gan gá le formheas tuismitheora, agus a áirithiú ag an am céanna nach dtabharfaidh sé sin rochtain dóibh ach ar thimpeallacht atá sábháilte trí dhearadh. Le linn na tréimhse sin, tá ról na dtuismitheoirí agus na gcaomhnóirí fós ríthábhachtach.

### *2.2 Dearadh sábháilte*

I dteannta na mbeart a leagtar amach thuas, le Gníomh KIDS an Aontais, cuirtear d'oibleagáid ar na seirbhísí uile atá faoin raon feidhme a bheith deartha go sábháilte trí rialacha agus prionsabail dhochta a leanúint. Áiritheofar mar sin eispéireas sábháilte atá oiriúnach ó thaobh aoise de. Is iad seo a leanas na rialacha agus na prionsabail sin, go háirithe:

- **Gan aon ghné andúile a bheith ann**, amhail scrolláil gan teorainn, cur in iúl saorga, nó gnéithe luacha saothair áirithe.
- **Córais moltaí rialáilte** ar nós roghanna chun ábhar molta a roghnú, a thiúnáil agus a rialú, éifeachtaí poill coinín a sheachaint agus dul níos faide ná comharthaí atá bunaithe ar an rannpháirtíocht.
- **Socruithe cuntais sábháilte** chun an t-ábhar a choinneáil príobháideach, socruithe riosca a dhíchumasú mar réamhshocrú, agus mionaoisigh a chur ar an eolas gan débhríocht.
- **Níl aon teagmháil neamh-inmhianaithe ó úsáideoirí eile ann**. Ní féidir le húsáideoirí anaithnide teagmháil dhíreach a thionscnamh lasmuigh de naisc fhormheasta, beidh gá le cead sainráite chun é a chur le grúpaí, agus beidh sé éasca daoine a bhlocáil agus déanfar go anaithnid í.

- É a chur ar a gcumas do leanaí **ábhar díobhálach a thuairisciú go héasca** agus rochtain a fháil ar **uirlisí tacaíochta go tapa**.
- Uirlisí rialúcháin tuismitheoirí atá éifeachtach oiriúnach ó thaobh aoise de a chur ar fáil.

Comhlánófar na rialacha agus na prionsabail sin le gealltanais shaincheaptha maidir le cluichí ar líne, botaí comhrá agus compánaigh intleachta saorga, lena gcuirfear cur chuige comhrialála ar fáil ar bhonn na féinrialála faoi stiúir an tionscail. Bheadh siopaí feidhmchlár bogearraí faoi réir ceanglas freisin, rud a chuirfeadh leis na dea-chleachtais féinrialála atá ann faoi láthair. Chuirfidís rátálacha aoise comhsheasmhacha i bhfeidhm agus d'fhágfaidís nach mbeadh rochtain ag mionaoisigh faoi bhun na haoise rátáilte ar aipeanna, amhail cluichí ar líne.

*2.3 Fíorú aoise*

Rialáiltear leis an togra freisin **córais caomhnaithe príobháideachais agus córais fíoraithe aoise inrochtana** agus an chaoi a bhfeidhmíonn siad.

Faoi Ghníomh KIDS an Aontais, beidh sé d'oibleagáid ar sholáthraithe seirbhísí meán sóisialta agus ardán comhroinnte **físeán fíorú aoise a dhéanamh nuair a osclaíonn úsáideoir cuntas nua**. Dhéanfaí an méid sin trí bheith ag brath ar uirlis fíoraithe aoise an Aontais nó ar réitigh eile arna soláthar ag údaráis phoiblí lena dtairgtear leibhéal coibhéiseach cruinnis, iontaofachta, stóinseachta, príobháideachais, slándála, neamh-idirdhealaithe agus neamh-ionsáite. Bheadh cuntais atá ann cheana faoi réir seiceálacha comhréireacha seachas fíorú aoise uileghabhálach cúlghabhálach. B'amhlaidh a bheadh, mar shampla, dá mbeadh cuntas cruthaithe cheana féin roinnt mhaith blianta roimhe sin nó dá mbeadh sé comhcheangailte le cárta creidmheasa atá nasctha leis an sealbhóir cuntais. I gcás cluichí ar líne go sonrach, beidh **moladh éigeantach aoise** ag teastáil le haghaidh gach cluiche agus déanfar sin a fhorfheidhmiú go dian trí fhíorú aoise i bhfeidhmchlár bogearraí sular féidir an cluiche a íoslódáil.

*2.4 Forfheidhmiú*

Chun cosaint éifeachtach do leanaí a áirithiú, tá forfheidhmiú dian criticiúil. Cuireann Gníomh KIDS an Aontais leis an ailtireacht forfheidhmiúcháin atá ann cheana de bharr an Ghnímh um Sheirbhísí Digiteacha agus an Ghnímh um an Intleacht Shaorga. Is ar na hoibreoirí atá an dualgas cruthúnais maidir le comhlíonadh rialacha nua a léiriú. Sin an fáth a mbeidh sé d'oibleagáid ar ardáin an-mhór ar líne plean comhlíontachta a chur faoi bhráid iniúchóir neamhspleách a mbeidh air measúnú críochnúil a dhéanamh ar an tseirbhís, ar an ngné nó ar an bhfeidhmiúlacht nua. Féadfaidh an Coimisiún a iarraidh ar an soláthraí bearta ceartaitheacha a mholadh má mheasann an Coimisiún, ar bhonn thuarascáil an iniúchóra, go bhfuil aon easnamh sa phlean comhlíontachta. Tugtar isteach leis an nGníomh freisin táille mhaoirseachta chun obair forfheidhmiúcháin agus mhaoirseachta an Choimisiúin ar fud an Aontais a chistiú agus chun tacú léi go héifeachtach. Laistigh den struchtúr forfheidhmiúcháin, **tabharfar tosaíocht do ghearáin a bhaineann le mionaoisigh**.

De réir mar a bhogann an teicneolaíocht go tapa, déantar foráil sa togra maidir le **clásal athbhreithniúcháin** chun freastal ar an ngá a d'fhéadfadh a bheith ann an creat rialála a thabhairt cothrom le dáta.

## 3. Bearta comhlántacha

*3.1. Bearta rialála comhlántacha de chuid an Aontais*

Leagfar amach i nGníomh KIDS an Aontais rialacha sonracha maidir leis na seirbhísí digiteacha is mó a bhfuil riosca ag baint lena n-úsáid do shábháilteacht agus d'fhorbairt mionaoiseach. Tá sé dírithe ar chur chuige rochtana de réir a chéile agus ar a áirithiú go bhfuil gnéithe deartha áirithe sábháilte trí dhearadh. An tráth céanna, ní mór dúinn a áirithiú go n-áiritheofar sábháilteacht mionaoiseach a mhéid a bhaineann leis na seirbhísí agus na táirgí uile ar féidir le leanaí teacht orthu ar líne agus nach gcuirfidh cleachtais tráchtála a bhaineann leo a sláinte agus a sábháilteacht i mbaol.

Is deis thábhachtach iad an **Gníomh um Chothroime Dhigiteach** atá ar na bacáin agus an t-athbhreithniú ar an **Rialachán maidir le Comhar ar mhaithe le Cosaint Tomhaltóirí** chun cosaint leanaí agus déagóirí a leabú i gcroílár dhlí tomhaltóirí an Aontais. Leis an gCreat Airgeadra Digiteach, tabharfar cothrom le dáta rialacha cothrománacha maidir le cosaint tomhaltóirí i gcoinne cleachtais tráchtála dhíobhálacha ar líne a dhéanann difear freisin do leanaí mar thomhaltóirí óga amhail cleachtais dhigiteacha ionramhálacha gnólacht le tomhaltóir, teicnící praghsála éagóracha, margaíocht fhadhbach tionchairí agus saincheisteanna a bhaineann le conarthaí digiteacha agus síntiúis dhigiteacha. Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú freisin ar an Rialachán maidir le Comhar ar mhaithe le Cosaint Tomhaltóirí chun forfheidhmiú níos láidre a áirithiú ar mhaithe le cách, agus béim á leagan ar mhionaoisigh, agus é ag tógáil ar an bhforfheidhmiú faoi Ghníomh KIDS an Aontais agus á chomhlánú. Agus an Rialachán athbhreithnithe á ullmhú aige, breithneoidh an Coimisiún ar bhealaí chun feabhas a chur ar chomhordú forfheidhmiúcháin idir údaráis náisiúnta tomhaltóirí i gcásanna trasteorann, agus chun cumhachtaí imscrúdúcháin agus forfheidhmiúcháin a lárú ar leibhéal an Aontais i gcásanna sonracha.

Ina theannta sin, molfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar **Threoir Sheirbhísí na Meán Closamhairc**. Sonrófar inti catagóirí an ábhair dhíobhálaigh nach mór mionaoisigh a chosaint orthu ar ardáin comhroinnte físeán agus soiléireofar inti infheidhmeacht rialacha closamhairc an Aontais maidir le tionchairí mar sholáthraithe ábhair.

Chomh maith le creat rialála iomchuí a fhorbairt agus a fhorfheidhmiú go héifeachtach, ní mór freagairt an Aontais a bheith ag brath ar raon beart tacaíochta, ar nós na mbeart a bhfuil achoimre orthu thíos.

### *3.2 Leanaí agus daoine óga a chumhachtú tríd an oideachas*

Sa chéad dul síos, tá an t-oideachas ríthábhachtach chun forbairt gach linbh a chothú, chun eolas leordhóthanach a thabhairt do mhionaoisigh lena dtuigfidh siad níos fearr an timpeallacht ar líne agus lenar féidir leo iompraíochtaí iomchuí agus contúirteacha a aithint ó chéile, lena n-áirítear iompraíochtaí ar líne. Agus an méid sin á chur san áireamh, tá sé ríthábhachtach go mbeidh na scileanna is gá ag daoine óga chun dul i ngleic go sábháilte agus go freagrach leis na 'MS+', lena n-áirítear i gcomhthéacs úsáide luathaithe na hintleachta saorga.

I bhfianaise an mhéid sin, glacfaidh an Coimisiún **Pacáiste oideachais** chun tacú le **scoileanna** ina n-iarrachtaí scileanna digiteacha agus intleachta saorga a chur chun cinn, feasacht a mhúscailt agus athléimneacht a chothú i measc mionaoiseach, **lena n-áirítear trí mhúinteoirí agus ceannairí scoile a ullmhú**, maidir le tionchar 'MS+' ar an meabhairshláinte agus ar an bhforbairt chognaíoch. Sa chomhthéacs sin, tá tacaíocht shíceolaíoch chomh maith le hoideachas cuimsitheach atá oiriúnach ó thaobh aoise de ríthábhachtach.

Déanfaidh an pacáiste Oideachais atá ar na bacáin an t-oideachas faoin **litearthacht intleachta saorga a phríomhshruthú a thuilleadh**, **lena n-áirítear leis an gcreat litearthachta intleachta saorga idir an tAontas agus ECFE le haghaidh an bunoideachais agus an mheánoideachais**, agus cuideoidh sé le scoileanna straitéisí a fhorbairt chun folláine

dhigiteach leanaí a chothú, agus é ag díriú ar a sábháilteacht agus ar iad a chumhachtú. Tabharfaidh sé aghaidh freisin ar sholáthar bonneagair oideachais dhigitigh Eorpaigh a bheidh sábháilte agus idir-inoibritheach agus ar ábhar oideachais atá fónta ó thaobh na hoideolaíochta de, agus cuideoidh sé le spleáchais straitéiseacha na hEorpa sa teicneolaíocht oideachais a laghdú.

Leis na hIonaid um Idirlíon Níos Sábháilte atá comhchistithe ag an Aontas, soláthraítear cabhair éifeachtach iontaofa cheana féin chun leanaí a choinneáil sábháilte ar líne. Mar gheall ar a láithreacht náisiúnta, a raon leathan agus a saineolas speisialaithe, is comhpháirtí luachmhar é an líonra sin do na Ballstáit chun straitéisí náisiúnta éifeachtacha a fhorbairt agus a chur chun feidhme ar mhaithe le timpeallacht dhigiteach níos sábháilte agus níos fearr do leanaí. Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún agus é ag tógáil ar an obair sin, **treoraíocht shaincheaptha a sholáthar maidir leis na rialacha nua** do ghrúpaí éagsúla, lena n-áirítear leanaí, caomhnóirí, oideoirí, scoileanna agus rialtóirí. Cuimseoidh sé sin seimineáir ghréasáin, luathbhrath díobhála, rochtain atá oiriúnach ó thaobh aoise de a bhainistiú, agus botaí comhrá agus compánaigh intleachta saorga a úsáid go sábháilte. Ba cheart do na Ballstáit cur leis an obair sin agus í a neartú sa chomhthéacs náisiúnta, sa chomhthéacs réigiúnach agus sa chomhthéacs áitiúil.

Maidir le maoiniú, faoin gclár **Fís Eorpach**, tá an Coimisiún ag cistiú taighde ar shábháilteacht leanaí ar líne cheana. Sa chlár oibre le haghaidh 2026 cuimsítear an tionchar a bhaineann le húsáid uirlisí digiteacha lasmuigh den scoil agus tionchar na cumarsáide ar thorthaí oideachais agus ar an meabhairshláinte, agus cuirfear tús le tionscadail ábhartha in 2027. Ina theannta sin, is féidir leis an gCoimisiún **tosaíochtaí cistiúcháin taighde atá ag teacht chun cinn** a shainaithint, chomh maith le deiseanna ar thacú le seirbhísí sábháilte agus nuálaíocht leanbhlárnach le hinfheistíocht dhíreach ón earnáil phríobháideach agus ón earnáil phoiblí.

I gcomhthráth, ba cheart gníomhaíocht a dhéanamh chun **a áirithiú go gcaithfidh leanaí am amuigh san fhíor-dhomhan, as líne**. Trí Erasmus+, tacaíonn an Coimisiún le spásanna agus gníomhaíochtaí as líne mar go bhfuil siad ríthábhachtach d'fhorbairt leanaí, rud a chuidíonn le rannpháirtíocht shláintiúil a chur chun cinn agus a chuireann roghanna malartacha ar úsáid scáileán ar fáil. Dá bhrí sin, spreagann sé na Ballstáit leis an rochtain ar spóirt, ealaíona, clubanna óige, leabharlanna agus spásanna pobail inacmhainne a leathnú. Ba cheart do na Ballstáit agus do réigiúin an Aontais leas iomlán a bhaint as an gcistiú náisiúnta agus as an gcistiú ón Aontas atá ar fáil, d'fhonn bonneagar iomchuí a chur ar fáil do mhúinteoirí, do thuismitheoirí agus do leanaí.

Ba cheart na hiarrachtaí sin a bheith ina gcuid de ghealltanas coiteann láidir níos leithne ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta araon chun **na hacmhainní uile atá ar fáil don oideachas, don mhúscailt feasachta agus don mhalartú dea-chleachtas a shlógadh**, d'fhonn sásraí **coisctheacha, tacaíochta agus cosanta do leanaí sa timpeallacht dhigiteach a neartú** i gcur chuige comhtháite maidir le cosaint leanaí. Sa chomhthéacs sin, tríd an Treoir maidir le dliteanas i leith táirgí a thrasuí agus a chur chun feidhme go pras, beidh íospartaigh táirgí lochtacha, lena n-áirítear táirgí digiteacha, in ann cúiteamh a éileamh faoi choinníollacha aonfhoirmeacha ar fud an Aontais.

### *3.3 Bearta tacaíochta níos leithne de chuid an Aontais*

Chomh maith le hoideachas agus litearthacht i leith na meán, tá roinnt beart comhlántach breise de chuid an Aontais ríthábhachtach chun aghaidh a thabhairt ar chosaint leanaí ar líne. Ina gcuid dóibh sin tá cur chuige cuimsitheach i leith na sláinte, go háirithe an mheabhairshláinte, agus

comhar agus comhordú níos fearr orthu siúd a bhfuil baint acu le haghaidh a thabhairt ar rioscaí ar líne agus ar choireanna in aghaidh leanaí.

In 2023, bhí Teachtaireacht glactha cheana féin ag an gCoimisiún maidir le cur chuige cuimsitheach i leith na meabhairshláinte, lena n-áirítear 20 tionscnamh suaitheanta agus beagnach EUR 1.3 billiún i ndeiseanna cistiúcháin. Leis an tionscnamh, cuireadh béim níos mó ar chuimsitheacht agus ar thacaíocht a thabhairt do ghrúpaí leochaileacha, amhail leanaí agus daoine óga. Tá **tacar straitéisí um chosc** á forbairt ag an gCoimisiún anois, i gcomhpháirt le UNICEF, a chuideoidh le lucht ceaptha beartas tacaíocht níos fearr a thabhairt do shláinte mheabhrach agus choirp leanaí. Seolfar an tacar straitéisí sin ar Lá Domhanda na Meabhairshláinte i mí Dheireadh Fómhair 2026. Tabharfar aghaidh leis an tacar straitéisí sin freisin ar dhúshláin i ndáil le tionchar an digitithe ar mheabhairshláinte leanaí. Ina theannta sin, tá an Coimisiún ag obair i gcomhar leis an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte maidir le **fothú acmhainneachta i gcórais mheabhairshláinte** lena dtugtar aghaidh freisin ar dheitéarmanaint dhigiteacha mheabhairshláinte na hóige.

**Is féidir le leanaí a bheith ina n-íospartaigh coireachta freisin**. I gcás ina ndéanann **cionta coiriúla ar líne** difear do leanaí, mar íospartaigh, mar dhéantóirí coire, nó mar an dá rud, tá feidhm ag *acquis* dhlí coiriúil nós imeachta an Aontais, go háirithe an Treoir maidir le Cearta Íospartach agus Treoir 2016 maidir le coimircí nós imeachta. Maidir leis an gcoireacht a chosc, is é *acquis* dhlí coiriúil substainteach an Aontais an creat is infheidhme, lena n-áirítear go háirithe an Treoir maidir le Mí-Úsáid Ghnéasach Leanaí.

I measc na gcoireanna a dhéanann difear do leanaí ar líne tá fuathchoireacht, gáinneáil ar dhaoine, mí-úsáid agus teacht i dtír gnéasach, earcaíocht sa choireacht eagraithe agus san antoisceachas foréigneach nó sa sceimhlitheoireacht. Leanfaidh an tAontas agus na húdaráis náisiúnta a fhorfheidhmíonn reachtaíocht éagsúil de bheith ag comhoibriú agus de bheith ag comhroinnt faisnéise agus sonraí go pras, chun gur féidir an leibhéal is airde cosanta do mhionaoisigh a bheith ann. Leis an b**Plean Gníomhaíochta** atá le teacht **um leanaí a chosaint ar choireacht** , féachfar le freagairt chomhleanúnach chuimsitheach a thabhairt ar na rioscaí éagsúla atá roimh leanaí i ndáil leis an gcoireacht, ar líne agus as líne araon. Beidh sé d'aidhm aige nochtadh leanaí don choireacht a íoslaghdú agus cumas na n-údarás forfheidhmithe dlí agus na n-údarás inniúil eile a neartú chun coireanna a dhéanann difear do leanaí a imscrúdú agus a ionchúiseamh. Beidh sé dírithe ar thacaíocht a thabhairt do leanaí agus iad ar a dturas trí scéimeanna náisiúnta ceartais choiriúil. **Leis an gcur chuige leanbhlárnach, beidh cearta agus leas an linbh i gcroílár na dtionscnamh uile.**

### *3.4 Comhar Idirnáisiúnta*

I gcomhréir le Straitéis Dhigiteach Idirnáisiúnta don Aontas Eorpach, d'oibrigh an tAontas go dtí seo leis an Astráil, leis an mBrasaíl, le Ceanada, le Singeapór, leis an Ríocht Aontaithe agus leis an tSeapáin chun leanaí a chosaint ar líne, mhúnlaigh sé Sraith Choiteann Prionsabal G7 maidir le mionaoisigh ar líne[9]. Chuir sé a thuilleadh leis an bplé ar an leibhéal iltaobhach, lena n-áirítear na Náisiúin Aontaithe[10]. Is tosaíocht i gcónaí é an comhar lenár gcomhpháirtithe idirnáisiúnta a neartú chun mionaoisigh a chosaint go héifeachtach ar líne. Trí chur chuige a thabhairt isteach, le Gníomh KIDS an Aontais, chun an tionchar a mhaolú a imríonn an intleacht shaorga ar leanaí trí bhotaí comhrá agus compánaigh intleachta saorga, neartaítear cur chuige ceartabhunaithe rioscabhunaithe an Aontais i leith na hintleachta saorga, cur chuige ar díol spéise é do chuid mhór comhpháirtithe ar fud an domhain. Go ginearálta, le cur chuige aonair

[9] Arna formhuiniú ina dhiaidh sin ag Ceannairí ón mBrasaíl, ón Éigipt, ón gCéinia, ón India agus ón gCóiré Theas.
[10]Sraith Choiteann Prionsabal G7 lena sainítear spás digiteach níos sábháilte agus níos sláine do mhionaoisigh.

maidir le leanaí a chosaint ar líne ar fud an Aontais, beidh an comhar idirnáisiúnta sin níos éifeachtaí, trí phointe tagartha láidir a chur ar fáil chun dul i dteagmháil le comhpháirtithe chun cuspóirí an tionscnaimh seo a bhaint amach.

### *3.5 Faireachán*

Tá sé tábhachtach anailís leanúnach a dhéanamh ar fhorbairt seirbhísí digiteacha do mhionaoisigh, ar a dtionchar ar mhionaoisigh, agus ar éifeachtaí na dtionscnamh a dhéantar laistigh den Aontas. **Déanfaidh an Coimisiún breithniú tráthrialta ar an dul chun cinn** le tacaíocht ó pháirtithe leasmhara, lena n-áirítear eagraíochtaí óige agus eagraíochtaí um chearta leanaí, leanaí, agus comhlachais tuismitheoirí. Déanfaidh sé faireachán ar thionchar agus ar éifeachtacht an phacáiste beart a bhaineann leis an Teachtaireacht seo.

Leis an bhfaireachán sin, rianófar **na héifeachtaí agus an gá a d'fhéadfadh a bheith ann** an creat **aoise íosta a choigeartú**, chun córas struchtúrtha tráthrialta bailithe sonraí a bhunú chun eispéireas na mionaoiseach ar líne ar fud an Aontais a thuiscint. Beidh an creat sin bunaithe ar rannpháirtíocht leanaí, go háirithe trí Ardán an Aontais um Rannpháirtíocht Leanaí faoi Straitéis an Aontais um chearta an linbh agus BIK+ (an straitéis Eorpach i ndáil le hidirlíon níos fearr do leanaí). Bainfidh sé leas as taighde, as obair faoin nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha agus as obair ón lárionad Eorpach um thrédhearcacht algartamach, a rianaíonn an chaoi a dtagann forbairt ar shábháilteacht leanaí ar líne, ar theicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus ar phatrúin úsáide.

**Díreofar an faireachán go háirithe ar na tionchair ar mheabhairshláinte na hóige**. Léireofar ann freisin na gnéithe dearfacha a bhaineann le heispéiris leanaí ar líne, lena n-áirítear an cheist an mbraitheann mionaoisigh go bhfuil siad cumhachtaithe agus sábháilte ar líne agus a mhéid a bhraitheann siad é sin, agus conas a dháiltear a n-am scáileáin ar ghníomhaíochtaí éagsúla.

## 4. Conclúidí agus na chéad bhearta eile

Leagtar amach sa Teachtaireacht seo creat atá bunaithe ar chreideamh láidir soiléir: is ar chuideachtaí teicneolaíochta atá an phríomhfhreagracht as a dtáirgí a dhéanamh sábháilte. **Is iad na tuismitheoirí, seachas algartaim, ba cheart a bheith ag tógáil leanaí na hEorpa**.

Ní mór dúinn domhan digiteach a thógáil **inar féidir lenár leanaí fás aníos saor agus slán**, agus iad cosanta ag na luachanna a seasann an Eoraip ar a son. Ní mór an Eoraip a bheith ar an áit is fearr le fás aníos ann agus an áit is fearr le dul in aois inti. Is é sin an caighdeán ar cheart an fhreagairt seo a mheas dá réir.

Tá an fhianaise curtha ar fáil ag an bPainéal Speisialta. Is faoi institiúidí an Aontais, in éineacht leis na Ballstáit, leis an tionscal, leis an tsochaí shibhialta, le scoileanna agus le teaghlaigh, atá sé anois **an t-athrú atá á lorg ag leanaí agus ag tuismitheoirí ar fud na hEorpa a chur i gcrích** – domhan a bheidh deartha ar chaoi a mbeidh siad folláin ann..

| **Déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas:** |
|---|
| • Gníomh um Chothroime Dhigiteach a mholadh<br>• **Athbhreithniú ar an Rialachán maidir le Comhar ar mhaithe le Cosaint Tomhaltóirí** a mholadh<br>• **Athbhreithniú ar Threoir Sheirbhísí na Meán Closamhairc** a mholadh |

- Plean Gníomhaíochta um leanaí a chosaint ar an gcoireacht
- Pacáiste um an oideachais a chur i láthair